RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/468 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Márta 2025

lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta próiseáilte áirithe de thionscnamh Phoblacht na Sile agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle ([2]), tugadh an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ([3]) i gcrích an 13 Nollaig 2024.

(2) Sonraítear sa Chomhaontú go bhfuil dleachtanna custaim ar earraí de thionscnamh na Sile a allmhairítear isteach san Aontas le laghdú nó le díothú i gcomhréir leis an sceideal um dhíothú taraifí a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gComhaontú. Foráiltear le hIarscríbhinn 2, i gcás earraí áirithe de thionscnamh na Sile, go ndeonófar laghdú nó díothú dleachtanna custaim laistigh de tharaif-chuótaí.

(3) Foráiltear le Roinn B, d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gComhaontú go mbainisteoidh an tAontas na taraif-chuótaí sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'. Bainisteoidh an Coimisiún na taraif-chuótaí sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le bainistiú taraif-chuótaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([4]).

(4) Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025. D'fhonn cur i bhfeidhm agus bainistiú éifeachtach na dtaraif-chuótaí arna ndeonú faoin gComhaontú a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin ar aghaidh.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Osclaítear taraif-chuótaí an Aontais d'earraí de thionscnamh na Sile mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Déanfar na taraif-chuótaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (IO L, 2024/3016, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3016/oj).
([3]) Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (IO L, 2024/2953, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/2953/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na Hainmníochta Comhcheangailte, is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí sa mhéad go gcinntear an scéim fhabhrach, i gcomhthéacs na hIarscríbhinne seo, le raon feidhme chóid AC de réir mar atá siad tráth a ghlactar an Rialachán seo. I gcás ina luaitear cóid AC a bhfuil 'ex' rompu, tá an scéim fhabhrach le cinneadh trí bhíthin an cód AC agus an tuairisc a chomhfhreagraíonn dó a chur i bhfeidhm i dteannta a chéile.

Sraithuimhir	Cód AC	Tuairisc	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheáchain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht tharaif-chuóta (% laghdú)
09.1931	1704 10 1704 90 30 1704 90 51 1704 90 55 1704 90 61 1704 90 65 1704 90 71 1704 90 75 1704 90 81 1704 90 10	Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó iontu	Ón 1.2.2025 go 31.12.2025: 366,67 tona agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12: 400 tona	100
09.1932	1806 20 10 1806 20 30 1806 20 50 1806 20 70 1806 20 80 1806 31 00 1806 32 1806 90	Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó	Ón 1.2.2025 go 31.12.2025: 366,67 tona agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12: 400 tona	100
09.1933	1905 31 1905 32 1905 90 45	Brioscaí milse; vaiféil agus sliseoga	Ón 1.2.2025 go 31.12.2025: 458,34 tona agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12: 500 tona	100
09.1936	1604 14 21 1604 14 26 1604 14 28 1604 14 31 1604 14 36 1604 14 38 1604 14 41 1604 14 46 1604 14 48 1604 19 31 1604 19 39 1604 20 70	Éisc atá ullmhaithe nó leasaithe	Ón 1.2.2025 go 31.12.2025: 229,17 tona agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12: 250 tona	100
09.1952	2208 40 11 2208 40 39 2208 40 51 2208 40 99	Rum	Ón 1.2.2025 go 31.12.2025: 458,34 heictilítear (coibhéis an alcóil íon) agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12: 500 heictilítear (coibhéis an alcóil íon)	100